Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP65.

S60/20

Junior Certificate Religious Education
Journal Booklets for Examination in 2021

To: ***Management Authorities of Second Level Schools***

The syllabus for Junior Certificate Religious Education was introduced in 2000 and examined for the first time in the Junior Certificate Examination of 2003.

The syllabus indicates that the assessment of Religious Education will have two elements –

- A final written paper and
- Journal Work.

The final written paper will be marked out of 400 marks; the journal work will be marked out 100 marks. The titles for the journal work for the Junior Certificate examination of 2021 were issued with circular S100/19

In connection with the assessment arrangements please find enclosed the following:

- Junior Certificate Religious Education Journal Booklet for candidates taking the examination in Religious Education in 2021 only.

Candidates should follow the guidelines specified in page 2 of the Journal when completing their Journal Booklets. The cues/prompts in each section of the booklet *may be used where relevant* to assist candidates in completing their Journal Booklets.

Use of pro-forma coursework journals

A Journal Booklet is to be completed by each candidate in the course of the current school year as specified in Circular S100/19. Please ensure your school has a sufficient supply of booklets and if not notify SEC immediately. No additional booklets will issue after **31st December 2020**. Should candidates wish to have practice at writing up the pro-forma journals before beginning their examination submission, they are asked to do so on photocopied versions of the pro-forma journals. Please note, there is a sample booklet available on our website which can be downloaded for practice purposes only, so please ensure it is not used to submit work to SEC, as this work will be deemed invalid. To download, go to https://www.examinations.ie/exam/project-practical-coursework and go to the section on Religious Education.

The State Examinations Commission will not send out duplicate copies to facilitate practice attempts at filling out the pro-forma journals.

The journal work must be submitted in a standard form in the booklet supplied for that purpose by the Commission. Each candidate should submit only ONE journal.

Importance of ensuring that the Journal Booklet is the candidate's own individual work
The writing up of the Journal Booklet must be the candidate's own individual work. Completed journals will only be accepted for assessment if the school authorities have certified on forms to be provided by the Commission, that they are the candidate's own individual work. Teachers should monitor the progress of the candidates' work on a regular basis. The attention of all candidates and their teachers should be drawn to circular S68/08 and S69/04. **Please note, however, that the writing up of the pro-forma answer book must be the candidate's own individual work**. Instructions on this issue have already been given in the course of in-service training and meetings.

Any incidence of suspected copying, improper assistance from another party, plagiarism or procurement of pieces prepared by another party will be thoroughly investigated. Candidates should be advised of the penalties that may be applied under the Rules and Programme for Secondary Schools, which include loss of the subject, loss of the entire examination in all subjects, to being debarred from the Certificate Examinations in future years.

Candidates may present material, which arises from group work. However, in the journal item the candidate's **own individual contribution** must be clearly identified. It is the responsibility of **each** candidate in the group to ensure that his/her work is clearly presented.

Journal Booklets should be completed by **24th March 2021.** On the date of completion candidates should be instructed to place his/her completed Journal Booklet into a candidate envelope, which the Commission will provide. The candidate will be required to put his/her candidate number on the cover of this envelope. The envelope when sealed should be handed by the candidate to the school authorities. Schools are requested to retain all Journal Booklet envelopes in a secure place until the day of the written examination.

Candidates should fill in their Examination numbers in the appropriate boxes. A supply of specially designed envelopes will be sent to the schools in due course.

Word Versions
The SEC will, on request, provide a MS WORD version of the coursework booklet for completion by candidates approved for the use of a Word Processor in the certificate examinations. Schools should e-mail dcb@examinations.ie providing the candidate's details, name PPSN and date of birth. Once the SEC is satisfied as to the eligibility of the candidate, the MS WORD version will issue by e-mail. The MS WORD version is for use by eligible candidates only and its use by ineligible candidates will constitute a breach of regulations.

Answering through Irish
Please note that in keeping with all other examinations that have components other than the formal written examination, bonus marks will not be awarded to any coursework completed in Irish.

You are requested to bring this circular to the notice of the teachers and students concerned. If you have any queries please contact the State Examinations Commission at 090 6442746/2750.

Phil Mulvihill
Executive Officer
November 2020

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP65

S60/20

Oideachas Reiligiúnach – An Teastas Sóisearach
Leabhráin Dialainne le Scrúdú in 2021

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

,Tugadh siollabas don Oideachas Reiligiúnach sa Teastas Sóisearach isteach i Meán Fómhair 2000 agus scrúdaíodh é den chéad uair i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2003.

Tugann an siollabas le fios go mbainfidh dhá ghné le measúnú an Oideachais Reiligiúnaigh –

- Páipéar scríofa cinn chúrsa agus
- Obair Dhialainne.

Marcálfar an páipéar scríofa cinn chúrsa as 400 marc; marcálfar an obair dhialainne as 100 marc. Eisíodh na teidil don obair dhialainne sa Teastas Sóisearach in 2021 in éineacht le ciorclán S100/19.

Maidir leis na socruithe measúnachta gheobhaidh sibh é seo a leanas faoi iamh:

- Leabhrán Dialainne le haghaidh Oideachas Reiligiúnach an Teastais Shóisearaigh d'iarrthóirí a bheidh ag déanamh an scrúdaithe san Oideachas Reiligiúnach in 2021 amháin.

Ba chóir do na hiarrthóirí cloí leis na treoirlínte atá leagtha amach ar leathanach 2 den Dialann agus iad ag comhlánú na Leabhrán Dialainne. Is féidir na ciúnna/noda i ngach rannóg den leabhrán seo *a úsáid de réir mar is cuí*, mar chúnamh d'iarrthóirí agus an dialann á chomhlánú acu.

Dialanna obair chúrsa pro-forma a úsáid
Ní mór do gach iarrthóir Leabhrán Dialainne a chomhlánú i gcaitheamh na scoilbhliana reatha mar atá sonraithe i gCiorclán S100/19. Déantar cinnte de, le bhur dtoil, go bhfuil dóthain cóipeanna den leabhrán ag an scoil agus mura bhfuil, gabhaigí i dteagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit láithreach. Ní eiseofar a thuilleadh leabhrán tar éis **31 Nollaig 2020.** Más mian le hiarrthóirí dul i dtaithí ar na dialanna pro-forma a chomhlánú sula dtosaíonn siad ar obair an scrúdaithe, iarrtar orthu sin a dhéanamh ar fhótachóipeanna de na dialanna pro-forma. Tá leabhrán samplach ar fail ar an suíomh gréasáin againn agus is féidir é a chóipeáil anuas mar mhaithe le cleachtadh. Déantar deimhin de nach mbainfear úsáid as le hobair a chur isteach chuig CSS nó measfar an obair a bheith neamhbhailí.
Is féidir an leabhrán samplach a chóipeáil anuas ó rannóg an Oideachais Reiligiúnaigh faoi Scrúduithe/Obair Chúrsa Phraiticiúil ag an seoladh https://www.examinations.ie/exam/project-practical-coursework .

Ní sheolfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit amach cóipeanna breise ar mhaithe le cleachtadh a dhéanamh ar dhialanna pro-forma a líonadh isteach.
Ní mór an obair dhialainne a chur isteach i bhfoirm chaighdeánach sa leabhrán a chuireann an Coimisiún ar fáil chun na críche sin. Ba chóir do gach iarrthóir AON dialann amháin a chur isteach.

An tábhacht a bhaineann lena dheimhniú gur obair indibhidiúil an iarrthóra féin atá sa Leabhrán Dialainne

Obair scríofa indibhidiúil an iarrthóra féin amháin is cóir a bheith sa Leabhrán Dialainne. Ní glacfar le dialanna comhlánaithe le haghaidh measúnachta ach amháin ar an mbonn gur dheimhnigh údaráis na scoile, ar fhoirmeacha a chuirfidh an Coimisiún ar fáil, gur obair indibhidiúil na n-iarrthóirí féin atá iontu. Ba chóir do na múinteoirí monatóireacht rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn obair na n-iarrthóirí. Ba chóir aird na n-iarrthóirí agus na múinteoirí go léir a dhíriú ar na ciorcláin S68/08 agus S69/04. **Tugtar do bhur n-aire, áfach, nach mór don iarrthóir an freagarleabhar pro-forma a scríobh é/í féin.** Tugadh treoracha maidir leis an gceist seo cheana féin le linn cruinnithe agus oiliúint inseirbhíse.

Déanfar fiosrú iomlán aon uair a bheidh amhras ann faoi chóipeáil, cúnamh míchuí ó pháirtí eile, bradaíl nó soláthar píosaí a d'ullmhaigh páirtí eile. Ba chóir na hiarrthóirí a chur ar an eolas faoi na pionóis is féidir a ghearradh faoi *Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna*, ar a n-áirítear cailleadh an ábhair, cailleadh an scrúdaithe ar fad i ngach ábhar, nó a bheith toirmiscthe ó na Scrúduithe Teistiméireachta a dhéanamh sna blianta amach anseo.

Is féidir le hiarrthóirí ábhar a chur i láthair a eascraíonn as obair ghrúpa. Ní mór **obair indibhidiúil an iarrthóra féin** a shonrú go soiléir sa mhír sa dialann, áfach. Tá sé de fhreagracht ar **gach** iarrthóir sa ghrúpa a dheimhniú go gcuirtear a c(h)uid oibre féin i láthair go soiléir.

Ba chóir na Leabhráin Dialainne a chomhlánú faoi **24 Márta 2021**. Ar an dáta deiridh sin, ba chóir a threorú do na hiarrthóirí a Leabhrán Dialainne féin a chur isteach i gclúdach iarrthóra, a chuirfidh an Coimisiún ar fáil. Ní mór don iarrthóir a scrúduimhir a chur ar chumhdach an chlúdaigh seo. Nuair a bheidh an clúdach faoi shéala, ba chóir don iarrthóir é a thabhairt ar láimh d'údaráis na scoile. Iarrtar ar na scoileanna na clúdaigh ar fad a bhaineann leis na Leabhráin Dialainne a choinneáil ar láimh shábháilte go dtí lá an scrúdaithe scríofa.

Ba chóir do na hiarrthóirí a Scrúduimhir a scríobh sna boscaí cuí. Seolfar clúdaigh a bhfuil dearadh ar leith orthu chun na scoileanna in am trátha.

Leagan MS WORD

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leagan digiteach den leabhrán obair chúrsa ar fáil le comhlánú, ach é a lorg, d'iarrthóirí ar tugadh cead dóibh Próiseálaí Focal a úsáid sna scrúduithe teistiméireachta. Ba cheart d'údaráis scoileanna ríomhphost, le sonraí an iarrthóra ann, ainm, UPSP, agus dáta breithe, a sheoladh chuig dcb@examinations.ie. A luaithe a mbeidh CSS sásta faoi cháilitheacht an iarrthóra, déanfar leagan digiteach, leagan MS WORD, a eisiúint ar ríomhphost. Iarrthóirí incháilithe amháin a úsáidfidh an leagan digiteach, leagan MS WORD; sárú rialacha a bheadh ann i gcás iarrthóirí eile neamhcháilithe a dhéanfadh iarracht leagan digiteach a úsáid.

Freagairt trí Ghaeilge

Tugtar do bhur n-aire nach mbronnfar marcanna bónais ar aon obair chúrsa a dhéanfar trí Ghaeilge, mar is amhlaidh i gcás na scrúduithe eile ar fad a bhfuil comhpháirteanna iontu seachas an scrúdú scríofa foirmiúil.

Iarrtar oraibh an ciorclán seo a chur faoi bhráid na múinteoirí agus na mac léinn a mbaineann sé leo. Má bhíonn aon cheist agaibh déanaigí teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag 090 644 2746/2750, le bhur dtoil.

Philoméin Ní Mhaoilmhichíl
Oifigeach Foirne,
Samhain 2020